# Oibrithe ar Postú san **Earnáil Foirgníochta**

## Bíodh do Chearta agus d’Oibleagáidí ar eolas agat



ELA
AN TÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR

- **An mbíonn tú ag obair go hiondúil i mBallstát eile de AE seachas an Ballstát inar fostaíodh thú?**
- **An bhfuil tú á phostú chuig Ballstát eile ag d'fhostóir ar feadh tréimhse teoranta ama?**
- **A luaithe a bheidh do chúram curtha i gcrích agat, an bhfuil sé beartaithe agat filleadh ar an mBallstát ina bhfuil d'fhostóir lonnaithe?**

Má thug tú freagra dearfach ar na ceisteanna seo, is dócha gur oibrí ar postú thú.

# Más **oibrí ar postú** thú, tá cearta sonracha agat.

Tá feidhm ag téarmaí agus coinníollacha fostaíochta an Bhallstáit óstaigh seo a leanas maidir le hoibrithe ar postú:

- luach saothair, lena n-áirítear rátaí ragoibre;
- uaireanta oibre uasta agus tréimhsí scíthe íosta;
- saoire bhliantúil íoctha íosta;
- sláinte, sábháilteacht agus sláinteachas ag an obair;
- coinníollacha fruilithe (e.g. foireann shealadach a fhostú trí ghníomhaireachtaí);
- coinníollacha do mhná torracha, do mhná a bhfuil breith, leanaí agus daoine óga tugtha acu le déanaí (faoi bhun 18 mbliana d'aois);
- cóir chomhionann d'fhir agus do mhná agus rialacha eile lena gcoisctear idirdhealú;
- coinníollacha ar chóiríocht, má sholáthraíonn d'fhostóir iad;
- liúntais agus aisíocaíocht speansas chun costais taistil, boird agus lóistín a chlúdach sa Bhallstát óstach. Tá feidhm aige sin má tá ort taisteal le linn an tsannta nó taisteal chuig do ghnátháit oibre sa Bhallstát óstach agus ón áit sin agus más é sin an chóir rialta a chuirtear ar oibrithe i do Bhallstát óstach.

Ní bheidh feidhm ag téarmaí do Bhallstáit óstaigh ach amháin má tá siad níos buntáistí ná téarmaí do Bhallstáit baile.

## Mar oibrí ar postú, seo a leanas an méid atá **A CHAITHFIDH TÚ A DHÉANAMH:**

- Faigh do 'doiciméad iniompartha A1' (PD A1): ní mór do d'fhostóir iarratas a dhéanamh ar PD A1 ar do shon ón institiúid slándála sóisialta sa Bhallstát baile. Deimhnítear le PD A1 go bhfanann tú clúdaithe ag an gcóras slándála sóisialta i do Bhallstát baile.
- Má mhaireann do phostáil níos faide ná 3 mhí, ní mór duit d'áit chónaithe a chlárú le húdaráis an Bhallstáit óstaigh. Ní chnuasóidh an t-am a chaitear sa phost an ceart chun buanchónaithe. D'fhéadfadh rialacha éagsúla a bheith i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír.
- Tú féin a chur ar an eolas faoi chomhaontuithe comhchoiteanna: ag brath ar do Bhallstát óstach agus ar Bhallstát d'fhostóra, d'fhéadfá a bheith i dteideal cearta trí chomhaontuithe comhchoiteanna.

## Mar oibrí ar postú, seo an méid **NACH** gá duit a dhéanamh:

- Más saoránach den Aontas Eorpach, den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (ón Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua) nó den Eilvéis thú, ní gá duit cead oibre a fháil.
- Ní gá go n-aithneofaí do cháilíochtaí gairmiúla. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeadh ort dearbhú scríofa a dhéanamh le haghaidh roinnt scileanna gairmiúla, mar shampla chun craenacha, ardaitheoirí speisialta nó meaisíní druileála a oibriú.
- Ní gá duit clárú leis na húdaráis slándála sóisialta sa Bhallstát óstach. Fanann tú faoi árachas i do Bhallstát baile. Le linn do phostála, ní bhailíonn tú aon chearta slándála sóisialta breise amhail cearta pinsin nó an ceart chun sochar dífhostaíochta i do Bhallstát óstach.

Más náisiúnach tríú tír thú, sula ndéantar tú a phostú, ní mór duit cead oibre a bheith agat don Bhallstát ina bhfuil d'fhostóir lonnaithe. Ansin, baineann na coinníollacha céanna leatsa agus a bhaineann le hoibrithe eile ar postú ar saoránaigh de AE iad.

# Cad atá le déanamh **i gcás faidhbe?**


Sa chás nach bhfuair tú do thuarastal nó nach bhfuair tú an pá ceart, is féidir leat an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Déan iarracht an cheist a réiteach, le d'fhostóir i do Bhallstát baile agus leis an gconraitheoir i do Bhallstát óstach araon, toisc go bhféadfadh an bheirt acu a bheith faoi dhliteanas na hoibleagáidí sin a urramú.
- Déan teagmháil le cigireacht saothair do Bhallstáit óstaigh nó do Bhallstáit baile agus déan gearán nó tionscain imeachtaí breithiúnacha. Is féidir é sin a dhéanamh fiú tar éis dheireadh do phostaithe agus ó do Bhallstát baile.

**Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar an leathanach gréasáin An Eoraip Agatsa, agus chun cabhair a fháil, féach liosta na riarachán náisiúnta atá ar fáil ansin.**

https://europa.eu/!pbjb3x






**An Ballstát óstach:**

An tír ina bhfuil do chuid oibre á cur i gcrích agat.

Ní hionann é sin agus:

**An Ballstát baile:**

An tír ina mbíonn tú ag obair de ghnáth agus an tír ina bhfuil d'fhostóir lonnaithe.



**Postú fadtéarmach:**

Má tá tú ar postú ar feadh níos mó ná 12 mhí, bíonn feidhm ag beagnach gach téarma agus coinníoll fostaíochta sa Bhallstát óstach. Is féidir le d'fhostóir fógra a eisiúint, áfach, chun síneadh a chur le fad do phostaithe rialta ó 12 mhí go 18 mí, agus na téarmaí agus na coinníollacha céanna fostaíochta i bhfeidhm. Is faoi rogha na n-údarás inniúil atá an síneadh sin.

**Sláinte agus sábháilteacht ag an obair:**

Ní mór duit a bheith oilte agus ar an eolas faoi rioscaí sábháilteachta agus sláinte ceirde i dteanga a thuigeann tú. Ní mór go gcuirtear ar fáil duit freisin an trealamh cosanta pearsanta cuí, etc.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh gréasáin EU-OSHA



ELA
AN TÚDARÁS EORPACH SAOTHAIR

An tÚdarás Eorpach Saothair
Landererova 12,
811 09 An Bhratasláiv
An tSlóvaic

info@**ela**.europa.eu
www.**ela**.europa.eu
https://www.facebook.com/**europeanlabourauthority**
@**EU_ELA**
https://www.linkedin.com/company/**european-labour-authority**

EURES

eures.ec.europa.eu
facebook.com/**EURESjobs**
@**EURESjob**
youtube.com/user/**EURESjob**
linkedin.com/company/**eures**
instagram.com/**euresjobs**

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

GA

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023
© An tÚdarás Eorpach Saothair, 2023
Images: Cover, © Siberian Art/stock.adobe.com; © Boyko.Pictures/stock.adobe.com
Print: ISBN 978-92-9401-078-0 | doi:10.2883/672620 | HP-05-23-046-GA-C
PDF: ISBN 978-92-9401-091-9 | doi:10.2883/887402 | HP-05-23-046-GA-N